C/2025/3204

2.7.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 92/43/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le stádas cosanta an mhic tíre (Canis lupus)

(COM(2025) 106 final — 2025/0058 (COD))

(C/2025/3204)

Rapóirtéir ginearálta: **Josep PUXEU ROCAMORA**

Comhairliúchán	An Chomhairle, 25.3.2025 Parlaimint na hEorpa, 31.3.2025
An bunús dlí	Airteagal 43(2) agus Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
An rannóg atá freagrach	Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	30.4.2025
Seisiún iomlánach Uimh	596
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/ staonadh)	154/9/17

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Ní mór an idirghníomhaíocht dhiúltach idir áitritheoirí limistéar tuaithe, feirmeacha beostoic agus mic tíre san Aontas a laghdú trína gcómhaireachtáil a chothú agus a bhainistiú.

1.2. Léiríonn fianaise eolaíoch agus theicniúil nach bhfuil samhlacha bainistíochta atá bunaithe ar mhic tíre a mharú éifeachtach chun an choinbhleacht idir feirmeoireacht beostoic agus mic tíre a laghdú, mar leanann na mic tíre eile orthu mar a bhí siad, ach amháin i gcásanna ina maraítear an oiread sin mac tíre go ndéantar dochar dá stádas caomhantais, rud a sháraíonn Treoir ón gComhairle 92/43/CEE ([1]).

1.3. Maidir le samhlacha atá bunaithe ar bhearta coisctheacha, atá comhsheasmhach leis an ngá stádas caomhantais fabhrach na mac tíre a chaomhnú, tá sé cruthaithe go heolaíoch gur rogha mhalartach iomchuí iad chun coinbhleacht a laghdú agus chun bogadh i dtreo cómhaireachtáil idir mic tíre agus feirmeoireacht beostoic. Chuige sin, is gá feabhas a chur ar chreataí cistiúcháin iomchuí chun forbairt na mbeart sin a éascú, mar a leagtar amach i dtuarascáil faisnéise NAT/825 ([2]).

1.4. I ndáil leis an méid sin, molann CESE an méid seo a leanas:

1.5. feabhas a chur ar bhearta cistiúcháin iomchuí chun samhail de chómhaireachtáil éifeachtach inmharthana idir mic tíre agus feirmeoireacht beostoic a fheabhsú agus a chur chun cinn;

1.6. forbairt taighde fheidhmigh ar theicnící cosanta beostoic i gcineálacha éagsúla gabháltas beostoic a spreagadh;

1.7. measúnuithe aonair a dhéanamh ar fheirmeacha beostoic ardriosca nó a bhfuil damáiste mór déanta dóibh, chun na bearta cosanta beostoic is iomchuí a chur chun feidhme;

([1]) IO L 206, 22.7.1992, lch. 7.
([2]) Tuarascáil faisnéise ó CESE *Buntáistí a bhaineann le feirmeoireacht fhairsing beostoic agus leasacháin orgánacha i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip*.

1.8. comhairle a thabhairt d'fheirmeoirí maidir le bearta cosanta beostoic a úsáid agus faireachán a dhéanamh orthu;

1.9. cúiteamh a sholáthar go tapa do gach cineál damáiste, ní hamháin bás, i.e. tréada scaipthe, breitheanna anabaí agus brabús caillte;

1.10. fóraim a chur chun cinn chun taithí a mhalartú idir feirmeoirí maidir le bearta a chur chun feidhme chun beostoc a chosaint;

1.11. na teicnící is fearr atá ar fáil a chur i bhfeidhm chun anailís a dhéanamh ar chomharthaí agus ar fhianaise ionsaithe mac tíre ar fheirmeacha beostoic chun a chinneadh leis an gcorrlach amhrais is lú is féidir an ndearna mac tíre nó madraí fiáine an t-ionsaí i ndáiríre;

1.12. earcaíocht tréadaithe gairmiúla a spreagadh chun fanacht le beostoc i gceantair nó ag amanna den bhliain a bhfuil baol níos mó ann go ndéanfar damáiste dóibh;

1.13. tógáil madraí a éascú agus madraí a chur ar fáil do na feirmeoirí leis na beithígh a ghardáil ar ionsaithe na mac tíre;

1.14. gníomhaíochtaí gairmiúla cúraim beostoic a chur chun cinn le linn gníomhaíochtaí buailteachais;

1.15. tacú le hoiliúint oifigeach poiblí freagrach ar mhaithe le measúnú ar dhamáiste do na feirmeoirí beostoic agus maidir leis an bhfaisnéis chuí agus an tacaíocht chuí a chur ar fáil dóibh;

1.16. prótacal comhordaithe a fhorbairt maidir le mic tíre aonair a mharú agus/nó a bhaint go roghnaíoch chun treoir a thabhairt agus chun é a dhéanamh níos éasca na heisceachtaí ó na rialacha maidir le cosaint speiceas a chur i bhfeidhm i gceart agus go hiomchuí, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta (ba cheart faireachán agus measúnú a dhéanamh ina dhiaidh sin ar éifeachtacht an bhirt a ghlactar);

1.17. bunú idirphlé maidir le mic tíre a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear institiúidí an Aontais, na Ballstáit, bardais agus údaráis áitiúla, nádúrthaithe, eagraíochtaí feirmeoireachta agus beostoic, comhlachtaí eolaíocha agus eagraíochtaí neamhrialtasacha;

1.18. foráil a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach, ós rud é go bhfuil an rannpháirtíocht sin ríthábhachtach don chinnteoireacht agus don bhainistíocht;

1.19. comhroinnt eolais eolaíoch faoi mhic tíre agus na deacrachtaí a bhaineann lena mbainistiú a spreagadh;

1.20. feachtais faisnéise a fhorbairt a bheidh dírithe ar earnálacha beostoic maidir leis na roghanna a bhaineann le comhchónaí agus coinbhleachtaí le mic tíre a laghdú, agus maidir leis an gcistiú atá ar fáil;

1.21. cur chun feidhme dea-chleachtas maidir le breathnóireacht mac tíre a chur chun cinn;

1.22. Feachtais faisnéise a fhorbairt a bheidh dírithe ar dhaoine a thugann cuairt ar limistéir bheostoic nó a dhéanann spórt i limistéir bheostoic chun rabhadh a thabhairt dóibh madraí a bheith ag gardáil na mbeithíoch ann, agus chun a mhíniú dóibh cad atá á dhéanamh ag na madraí sna limistéir sin agus conas ba cheart dóibh iad féin a iompar timpeall orthu.

2. **Barúlacha Ginearálta**

2.1. Is freagairt í an tuairim seo ar an gcinneadh a rinne Buanchoiste Choinbhinsiún Bheirn i mí na Nollag 2024, ar thogra ón Aontas Eorpach, cinneadh lenar athraíodh stádas an mhic tíre (Canis lupus) ó Fhoscríbhinn II (speicis fána faoi dhianchosaint) go Foscríbhinn III (speicis fána faoi chosaint). Tháinig an t-athrú sin i bhfeidhm trí mhí tar éis a ghlactha.

2.2. An 7 Márta, thíolaic an Coimisiún Eorpach a thogra le haghaidh treoir lena leasaítear an Treoir maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE) a mhéid a bhaineann le mic tíre a chosaint (2025) 106- 2025/0058 (COD)).

2.3. Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún (COM(2025) 106 final) Treoir 92/43/CEE a leasú trí phobail uile na mac tíre san Aontas a aistriú chuig Iarscríbhinn V (speicis ainmhithe agus plandaí ar le leas an chomhphobail iad agus a bhféadfadh a ngabháil san fhiántas agus a saothrú a bheith faoi réir bearta bainistíochta), rud a chuirfeadh ar chumas na mBallstát cineálacha cur chuige bainistíochta níos solúbtha a ghlacadh. Ag an am céanna, coinnítear leis an togra an oibleagáid stádas caomhantais fabhrach a áirithiú don speiceas.

2.4. Leanfaidh an mac tíre de bheith ina speiceas faoi chosaint, agus beidh ar na Ballstáit stádas caomhantais fabhrach a bhaint amach agus a choinneáil dóibh trí bhearta bainistíochta agus caomhnaithe a ghlacadh.

2.5. Tugann CESE dá aire an togra ón gCoimisiún agus cuireann sé i bhfáth nach mór ráthaíochtaí láidre a bheith ag gabháil leis an athrú ar an stádas dlíthiúil chun a áirithiú go gcoinneofar stádas caomhantais fabhrach na mac tíre i gcomhréir le hAirteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) – go háirithe ós rud é, i níos mó ná leath de réigiúin bhithgheografacha an Aontais ina bhfuil mic tíre, go bhfuil a stádas caomhantais fós neamhfhabhrach – agus, ag an am céanna, cuireann sé i bhfáth nach mór uirlisí níos éifeachtaí a chur ar fáil do na Ballstáit chun coinbhleachtaí áitiúla a bhainistiú agus chun cómhaireachtáil le pobail tuaithe agus feirmeoireacht fhairsing beostoic a chothú.

2.6. Cuidíonn a láithreacht le rialú a dhéanamh ar dhaonraí crúbach fiáin (fianna, fianna odhar, toirc, seamaithe agus fianna móra, ag brath ar an réigiún) trí chreachóireacht roghnaitheach, rud a chuireann cothromaíocht éiceolaíoch chun cinn.

2.7. De réir thuarascáil 2020 ón gCoimisiún Eorpach ar staid an dúlra, tuarascáil a bunaíodh ar shonraí ó na Ballstáit, tá pobail mac tíre, a díothaíodh i bhformhór na réigiún agus na dtíortha sa chéad leath den 20ú haois, cobhsaí anois nó ag dul i méid, agus athchoilíniú á dhéanamh ar na raonta bunaidh. I roinnt tíortha, tá stádas caomhantais fabhrach ag mic tíre. I dtíortha eile, áfach, tá baol ann go mbeidh ródhaonra nó raonta laghdaitheacha ann.

2.8. Mar sin féin, ní treocht aonfhoirmeach í an treocht dhearfach sin: is í an Spáinn an t-aon Bhallstát den Aontas inar imigh pobal mac tíre i léig le déanaí. Tharla an méid sin sa sliabhraon Sierra Morena agus is rud é a léiríonn go bhfuil pobail ag dul i léig, rud a threisíonn an gá atá le leanúint de bheith á gcosaint. Ina theannta sin, tá éagsúlacht ghéiniteach íseal ag pobail mac tíre Ibéaracha, rud a fhágann go bhfuil siad níos leochailí ó thaobh fachtóirí riosca de ná pobail eile ina bhfuil líon níos lú ainmhithe ach atá níos éagsúla ó thaobh na géinitice de.

2.9. Is iad an chosaint dhlíthiúil agus dearcthaí poiblí níos fabhraí is cúis leis sin go pointe, chomh maith le hathbhunú a speiceas creiche (speicis amhail ceirbhidigh agus toirc) agus cumhdach foraoise. Spreag dídhaonrú na tuaithe i réigiúin áirithe san Eoraip leathnú dhaonra na mac tíre.

2.10. Is dúshlán suntasach do na Ballstáit é mic tíre a thabhairt ar ais chuig réigiúin nach raibh siad iontu le blianta fada, ós rud é gur minic a bhíonn baint ag an speiceas le cineálacha éagsúla coinbhleachtaí, go háirithe maidir leis an damáiste a dhéantar d'fheirmeoireacht fhairsing beostoic, rud a chruthaíonn coinbhleacht shóisialta sna pobail tuaithe atá buailte.

2.11. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar na mac tíre ar fheirmeoireacht beostoic ar leibhéal an Aontais agus an damáiste foriomlán do bheostoc inghlactha ar leibhéal na mBallstát. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh brú suntasach ar limistéir áirithe mar thoradh ar a ndlús ar an leibhéal áitiúil, rud a chruthaíonn caillteanais eacnamaíocha dhíreacha agus indíreacha ar deacair iad a chainníochtú agus a chruthaíonn neamhoird mhothúchánacha i bhfeirmeoirí.

2.12. De réir sonraí a thuairiscigh na Ballstáit idir 2013 agus 2018, tá bagairtí éagsúla fós os comhair mic tíre. Áirítear orthu sin lámhach neamhdhleathach, nimhiú, imbhuailtí le bonneagar agus idirghníomhaíochtaí le gníomhaíochtaí talmhaíochta.

Stádas caomhantais fabhrach a áirithiú do mhic tíre ar fud an Aontais atá comhoiriúnach le gníomhaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha i gceantair thuaithe

2.13. Chun caomhnú fabhrach na mac tíre san Aontas a áirithiú agus chun nach mbainfear an bonn de ghníomhaíochtaí socheacnamaíocha i gceantair thuaithe, moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

— dlús a chur leis an rialú agus leis an bhfaireachán ar an speiceas i limistéir inar féidir leo a raonta reatha a leathnú;

— cláir faireacháin don speiceas a neartú chun feabhas a chur ar an eolas atá ar fáil faoina dháileadh, struchtúr de réir aoise sna pacaí agus pobail éagsúla, nósanna iompraíochta, básmhaireacht neamhthimpisteach agus idirghníomhaíochtaí le gníomhaíochtaí daonna;

— cláir a neartú chun feabhas a chur ar an eolas atá ar fáil ar an éifeachtacht a d'fhéadfadh a bheith ag teicnící éagsúla (bunaithe ar dhíbirt agus ar dhíspreagadh) a d'fhéadfadh an damáiste a dhéanann an speiceas d'fheirmeoireacht fhairsing beostoic a laghdú;

— cláir faisnéise agus múscailte feasachta a mhéadú i limistéir a bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh mic tíre athchoilíniú orthu chun dearcadh na sochaí a athrú agus chun idirghníomhaíochtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann le feirmeoireacht fhairsing beostoic a chosc agus a sheachaint;

— láithreacht mac tíre a spreagadh i limistéir ina bhfuil láithreacht níos airde crúbach fiáin agus ina bhfuil laghdú tagtha ar chleachtais fhairsinge feirmeoireachta beostoic nó ina bhfuil deireadh tagtha leo agus inar nach féidir na pobail sin a rialú trí fhiach áineasa;

— gabháil agus aistriú madraí ón timpeallacht nádúrtha a chur chun cinn i gcásanna ina meastar go ndearnadh hibridiú nó i gcás ina bhfuil pacaí measctha mac tíre agus madraí ann;

— feachtais faisnéise agus faireacháin a dhéanamh chun hibridiú d'aon ghnó le madraí a sheachaint;

— feachtais faisnéise a reáchtáil idir earnálacha a bhfuil baint acu le bainistiú na timpeallachta tuaithe maidir leis na hiarmhairtí éiceolaíocha, sóisialta, riaracháin agus coiriúla a bhaineann le modhanna neamhdhleathacha a úsáid chun mic tíre a mharú;

— bearta malartacha a chur chun feidhme chun damáiste a chosc, lena n-áirítear teicnící chun creachóireacht ar fheirmeacha a chosc agus a mhaolú;

— eagrú oibríochtaí a spreagadh chun faireachán a dhéanamh ar chleachtais neamhdhleathacha i limistéir ina bhfuil leibhéil arda coinbhleachta de bharr damáiste do bheostoc agus chun díspreagadh a chruthú ina leith. Ba cheart an rialú ar na pobail a dhéanamh faoi mhaoirseacht na riarachán ábhartha agus i gcomhréir le critéir eolaíocha.

An Bhruiséil, an 30 Aibreán 2025.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE